Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## Aonad 4

# MSU agus ÁSPC d’Fhostaithe

## Plean Ceachta



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# 1.0 Toradh Foghlama

Léargas a thabhairt ar an Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU) agus ar Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC) agus cabhrú le scoláirí conas ríomh a dhéanamh ar an Muirear Sóisialach Uilíoch a eascraíonn as fostaíocht.

# 2.0 Spriocanna Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo, beidh mé in ann:

| | |
|---|---|
| **1.** | Coincheap an Mhuirir Shóisialaigh Uilíoch (MSU) a mhíniú |
| **2.** | Ríomhanna (suimeanna) bunúsacha MSU a dhéanamh |
| **3.** | Idirdhealú a dhéanamh idir ioncam atá faoi réir MSU agus ioncam atá díolmhaithe ó MSU |
| **4.** | Gnéithe de Dheimhniú Creidmheasanna Cánach (DCC) a scrúdú agus a mhíniú |
| **5.** | Comhpháirteanna na ranníocaíochtaí ÁSPC agus na sochair a fuarthas ó na ranníocaíochtaí seo a mhíniú |
| **6.** | Míniú a thabhairt ar an gcaoi a ríomhtar ÁSPC |

# 3.0 Fad ama

1 x rang uair an chloig

# 4.0 Naisc

**Naisc Tuisceana**

Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU), Bandaí Ráta Cánach MSU, Deimhniú Creidmheasanna Cánach (DCC), Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

**Naisc Uimhearthachta**

Rátaí cánach, Suimiú, Dealú, Méadú Céatadáin, Roinnt

**Naisc Traschuraclaim**

Gnó, Ríomheolaíocht, Eacnamaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Mata, Polaitíocht agus an tSochaí

**Scileanna Idirbhliana**

A bheith éifeachtach go pearsanta, Cumarsáid a dhéanamh, Smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, Próiseáil faisnéise, Comhoibriú le daoine eile

# 5.0 Acmhainní

| | |
|---|---|
| **1.** | Clár bán, teilgeoir, ríomhaire pearsanta / ríomhaire glúine le nasc idirlín |
| **2.** | Plean Ceachta |
| **3.** | Cur i láthair PowerPoint |
| **4.** | Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí |
| **5.** | Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí & Freagraí |
| **6.** | Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna MSU |
| **7.** | Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna MSU agus Freagraí |
| **8.** | Bileog (coinnithe ó Aonaid 3) ar Bhandaí Cánach, Creidmheasanna Cánach, Bonn Cánach agus MSU |
| **9.** | Dialann Foghlama Scoláire |

# 6.0 Réamhrá Ceachta

**Tugann múinteoirí breac-chuntas gairid ar na spriocanna foghlama** ar **shleamhnán PowerPoint 2** chun na rudaí atá le clúdach le linn an aonaid a thaispeáint. Dáileann siad cóip de **Aonad 4: Bileoga Oibre 1 agus 2 le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** chomh maith le **Aonad 4: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna MSU** ar **gach scoláire**. Meabhraíonn siad do na scoláirí go mbeidh orthu úsáid a bhaint freisin as **Aonad 3: Bileog Bandaí Cánach, Creidmheasanna Cánach, Bonn Cánach agus MSU** don aonaid seo.

# 6.1 Dul Siar ar na haonaid roimhe seo

### Gníomhaíocht 1

Taispeánann an múinteoir **sleamhnán PowerPoint 3** do na scoláirí, léiríonn an sleamhnán **gníomhaíocht dul siar atá le déanamh acu ina n-aonar.** Tá eangach ann agus téann sí siar ar an méid a rinne siad ó Aonaid 1-3 agus spreagann sí na scoláirí an **t-eolas** sin **a thabhairt chun cuimhne**. **Ina n-aonar, freagraíonn** na scoláirí na ceisteanna ar **Aonad 4: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 1** agus **ceartaítear** an ghníomhaíocht mar chleachtadh **ranga iomlán**. **Suimíonn na scoláirí na marcanna** a fuair siad as 18.

D’fhéadfadh na nithe seo thíos a bheith **san áireamh sna freagraí a d’fheadfadh na scoláirí a thabhairt**:

| Ceist | | Freagraí a d’fhéadfadh na scoláirí a thabhairt |
|---|---|---|
| **1.** | Liostaigh na ceithre phrionsabal a bhaineann le córas cánach. **(3 mharc)** | • Cothroime, Cinnteacht, Éifeachtúlacht agus Áisiúlacht |
| **2.** | Déan idirdhealú idir CBL agus CFC. **(3 mharc)** | **CBL**<br>• Gearrtar Cáin Bhreisluacha ar earraí agus ar sheirbhísí nuair a íocann an tomhaltóir astu<br>**CFC**<br>• Íoctar Cáin Fáltas Caipitiúil ar bhronntanais agus oidhreachtaí |
| **3.** | Céard is brí leis na litreacha CCÚT? **(3 mharc)** | • Cáin Choinneála ar Ús Taisce |
| **4.** | Cé mhéad céim atá i gceist le Bille? **(2 mharc)** | • 5 chéim |
| **5.** | Ainmnigh **dhá** Cháin Pheaca in Éirinn? **(2 mharc)** | • Cáin ar Dheochanna Siúcra-Mhilsithe (CDSM), Cáin ar Tháirgí Alcóil, Cáin ar Tháirgí Tobac, Cáin Ola Mianra, Dleacht Ghealltóireachta |
| **6.** | Liostaigh dhá pháirtí leasmhara a imríonn tionchar ar an dlí cánach in Éirinn. **(2 mharc)** | • An Roinn Airgeadais, na Coimisinéirí Ioncaim, Grúpaí sainleasa, Forógraí réamhthoghcháin agus doiciméid bheartais de chuid páirtithe polaitíochta, Grúpa straitéise cánach, an tAontas Eorpach, ECFE, Comhairliúcháin phoiblí, Cúirteanna na hÉireann, Comhaontuithe náisiúnta, Tuarascálacha speisialta agus staidéir déanta ag grúpaí ionadaíocha, Gníomhaireachtaí reachtúla nó Ollscoileanna |
| **7.** | Ainmnigh **trí** chineál ioncaim a fhaigheann duine fostaithe. **(1 mharc)** | • Tuarastal, Pá, Bónas, Coimisiún |
| **8.** | Céard iad na rátaí reatha cánach ioncaim in Éirinn? **(1 mharc)** | • Ráta caighdeánach - 20%<br>• Ráta imeallach – 40% |
| **9.** | Céard is brí leis na litreacha UPSP? **(1 mharc)** | • Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí |

# 7.0 Dul siar ar an gcóras ÍMAT

Ar **shleamhnán PowerPoint 4**, déanann an múinteoir **dul siar ar an gcóras ÍMAT**, agus cuireann sé/sí bailiú cánacha agus ról an fhostóra sa chóras seo san áireamh.

# 8.0 Muirear Sóisialach Uilíoch

Ar **shleamhnáin PowerPoint 5-6**, cuireann an **múinteoir** sonraí ar fáil faoin **Muirear Sóisialach Uilíoch (MSU)**. Tá tuilleadh eolais ar na **bandaí ráta cánach reatha** leagtha amach ar **shleamhnáin PowerPoint 7-8**. Tugann an múinteoir **míniú gairid ar rátaí laghdaithe** ar **shleamhnán PowerPoint 9**.

## 8.1 Ríomhanna* don Mhuirear Sóisialach Uilíoch

*Suimeanna

Téann an **múinteoir** trí **3 ríomh MSU** ar **shleamhnáin PowerPoint 10-12**. Scríobhann na **scoláirí freagraí** síos do **Aonad 4: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna MSU**. Déanann na **scoláirí 5 ríomh MSU** breise ar **Aonad 4: Bileog Oibre le haghaidh Ríomhanna MSU**. Is féidir iad seo a **cheartú** mar **chleachtadh ranga iomlán** ag baint úsáid as **Aonad 4: Bileog Oibre le haghaidh Freagraí Ríomhanna MSU**.

# 9.0 Deimhniú Creidmheasanna Cánach

Míníonn an múinteoir an **cuspóir** atá le **Deimhniú Creidmheasanna Cánach (DCC)** agus **gnéithe a bhaineann leis** ar **shleamhnán PowerPoint 13**.

**Breathnaíonn** an múinteoir agus na scoláirí ar shampla de **Dheimhniú Creidmheasanna Cánach** agus **freagraíonn** siad na **ceisteanna** seo thíos:

| | |
|---|---|
| **1.** | Cén tréimhse ama lena mbaineann an DCC seo? |
| **2.** | Cé mhéad creidmheas cánach a fhaigheann an duine seo? |
| **3.** | Faoin MSU, cé mhéad d’ioncam an duine seo a ngearrtar cáin air ag 8%? |

# 10.0 Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC)

Míníonn an múinteoir conas a **oibrítear ÁSPC amach**, conas a **bhailítear** é agus na **sochair** a fhaightear ó ranníocaíochtaí.

# 11.0 Duillín Pá a Léamh

**Breathnaíonn** an **múinteoir** agus na **scoláirí ar dhuillín pá** Sheáin de Búrca agus **freagraíonn** siad na **ceisteanna** seo thíos:

| | Ceist | Freagra |
|---|---|---|
| **1.** | Cé chomh minic agus a íoctar Seán? | Gach seachtain |
| **2.** | Má oibríonn Seán 40 uair an chloig sa tseachtain, cad é a ráta pá in aghaidh na huaire? | €700/40 = €17.50 |
| **3.** | Más é €25 san uair an ráta ragoibre atá ag Seán, cé mhéad uair an chloig ragoibre a d'oibrigh sé an tseachtain seo? | €100/ €25 = 4 uair an chloig |
| **4.** | Ainmnigh **dhá** asbhaint reachtúla a d'íoc Seán. | ÍMAT, ÁSPC, MSU |
| **5.** | Ainmnigh asbhaint neamhreachtúil **amháin** a d'íoc Seán. | Táillí ceardchumainn |
| **6.** | Céard é an difríocht idir 'ÁSPC fostaí' agus 'ÁSPC fostóra'? | Baineann 'ÁSPC fostaí' le ranníocaíocht ÁSPC an fhostaí ach baineann 'ÁSPC fostóra' leis an ranníocaíocht ón bhfostóir |
| **7.** | Céard is brí leis na litreacha SRC? | Scoithphointe Ráta Chaighdeánaigh |
| **8.** | Céard é SRC seachtainiúil Sheáin? | €769.23 |
| **9.** | Céard é pá comhlán Sheáin don duillín pá seo? | €700 + €100 = €800 |
| **10.** | Cad é glanphá Sheáin don duillín pá seo? | €800 – €155.38 (€97.88 + €21.52 + €32 + €4) = €644.62 |
| **11.** | Ainmnigh creidmheas cánach **amháin** a gheobhadh Seán? | Creidmheas Cánach d'Fhostaithe ÍMAT |
| **12.** | Scríobh síos **dhá** shochar ÁSPC a d'fhéadfadh Seán a fháil bunaithe ar a ranníocaíochtaí ÁSPC. | Sochar Breoiteachta, Sochar Cuardaitheora Poist, Pinsean Stáit, Sochair Fiaclóireachta, Sochair Súil-Liachta |

# 12.0 Gníomhaíocht - Dul Siar

Ina n-aonar, críochnaíonn scoláirí **Bileog Oibre (2) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí** chun dul siar a dhéanamh ar an ábhar a clúdaíodh in Aonaid 3.

**Tasc Breise**

## 12.1 Díospóireacht

### Gníomhaíocht 2

Cuireann an múinteoir na scoláirí i **ngrúpaí** chun **pointí díospóireachta a ullmhú** don rún **'Ba chóir d'fhostaithe in Éirinn cánacha níos airde a íoc ar a bpá'**. **Roghnaíonn an múinteoir** na grúpaí a ghlacfaidh dearcadh na bh**fostaithe**, dearcadh na bh**fostóirí** agus dearcadh an **rialtais**. Is féidir le scoláirí **taifead a dhéanamh** ar a gcuid tuairimí maidir le **Aonad 4: Bileog Oibre (1) le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí, Gníomhaíocht 2**.

# 13.0 Dialann Foghlaimeora

Dáileann an múinteoir **teimpléad den dialann foghlama** agus **líonann na scoláirí isteach** an dialann foghlama a bhaineann leis an aonad seo.